

Clár

1.	Cad iad na liúntais a chuimsítear sa Phacáiste Sochair Teaghlaigh?	3
2.	Conas a cháilítear?	5
3.	An bhfuil coinníollacha speisialta i gceist más baintreach (fir) nó páirtneir sibhialta marthanach mé idir 60 agus 65 bliain d'aois?	8
4.	An bhfuil coinníollacha speisialta i gceist má fhaighim Pinsean Easláine, Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall?	9
5.	Conas a íoctar na liúntais agus céard a chuimsítear leo?	9
6.	Conas a fhaightear Ceadúnas Teilifíse Saor In Aisce?	13
7.	Conas a dhéantar iarratas?	13
8.	Cad a tharlóidh má athraím mo sheoladh tar éis do na liúntais a bheith deonaithe dom?	14
9.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	14
Aguisín 1		
	Tástáil acmhainne	15
Aguisín 2		
	Rialacháin an CE	17

Meán Fómhair 2014

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí le d'ionad áitiúil de chuid Intreo, d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó lenár Seirbhísí Eolais, le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha cáilithe (féach ar leathanach 14 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart ag am a fhoilsithe. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar ann.

1. Céard iad na liúntais atá sa Phacáiste Sochair Teaghlaigh?

Tá dhá liúntas sa Phacáiste Sochair Teaghlaigh.

Liúntas 1

- Liúntas Leictreachais
nó
- Liúntas Gáis Nádúrtha
nó
- Liúntas Leictreachais Airgid Thirim
nó
- Liúntas Gáis Airgid Thirim

Liúntas 2

- Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce

Tabhair do d'aire

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil deireadh curtha leis an Liúntas Teileafóin ó 1 Eanáir 2014.

Liúntas 1

Is éard atá sa liúntas seo ná Liúntas Leictreachais nó Gáis Nádúrtha agus baineann 4 rogha dhifriúla leis. Má tá soláthar leictreachais agus gáis nádúrtha agat, agus é de réir do sholáthraí, is féidir leat do liúntas a fháil mar chreidmheas ar do bhille, nó mar chreidmheas airgid thirim isteach i do chuntas airgeadais nó Oifig Phoist ainmnithe.

A. Liúntas Leictreachais

Is creidmheas airgid thirim €35 in aghaidh na míosa é an Liúntas Leictreachais, (féach leathanaigh 9 agus 10).

B. Liúntas Gáis Nádúrtha

Mar mhalairt ar an Liúntas Leictreachais, tá an Liúntas Gáis Nádúrtha ar fáil más rud é go bhfuil d'áit chónaithe nasctha le soláthar gáis nádúrtha. Is creidmheas airgid thirim €35 in aghaidh na míosa é, (féach leathanaigh 10 agus 11).

C. Liúntas Leictreachais Airgid Thirim

Má tá cónaí ort i gcóiríocht fhéinchiomsitheach (árasán) agus má tá méadar sliotáin agat, nó más tiarna talún é an tomhaltóir cláraithe leictreachais ag do sheoladh, d'fhéadfaí go gcáileofá le haghaidh Liúntas Leictreachais Airgid Thirim. Íoctar é seo mar íocaíocht mhíosúil le do chuntas airgeadais nó oifig phoist ainmnithe, (féach ar leathanach 11 agus 12). Anuas air sin, má úsáideann tú soláthraí eile seachas Electric Ireland, d'fhéadfaí a bheith cáilithe chomh maith le haghaidh an liúntais leictreachais airgid thirim.

D. Liúntas Gáis Airgid Thirim

Mura bhfuil d'áit chónaithe ceangailte de sholáthar gáis nádúrtha ach má chomhlíonann tú coinníollacha na scéime ar gach bealach eile, d'fhéadfaí an Liúntas Gáis Airgid Thirim. Íoctar é seo mar íocaíocht mhíosúil le do chuntas airgeadais nó oifig phoist ainmnithe, (féach ar leathanach 12). Anuas air sin, má úsáideann tú soláthraí eile seachas Bord Gáis nó Flogas, d'fhéadfaí a bheith cáilithe chomh maith le haghaidh an liúntais gáis airgid thirim.

Liúntas 2

Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce

Nuair a cháilíonn tú le haghaidh Pacáiste Sochair Teaghlaigh, d'fhéadfaí Ceadúnas Teilifíse Saor In Aisce a fháil ón gcéad dáta athnuachana eile le haghaidh do cheadúnas teilifíse.

2. Conas a cháilítear?

D'fhéadfá cáiliú má:

- tá tú 70 bliain d'aois nó níos sine,
nó
- tá tú ag fáil Liúntas Cúramóra,
nó
- tá tú ag cur cúraim ar fáil do dhuine a fhaigheann Liúntas Gaolta Forordaithe nó Liúntas Síorfhreastail,
nó
- tá tú faoi bhun 70 bliain d'aois, má tá íocaíocht cháilitheach á fáil agat (féach ar leathanach 6) **agus** má tá tú i do chónaí leat féin nó in éineacht le daoine áirithe eiscthe amháin (féach ar leathanach 7),
nó
- tá tú idir 66 agus 69 bliain d'aois, má chomhlíonann tú tástáil acmhainne (féach Aguisín 1), **agus** má tá tú i do chónaí leat féin nó in éineacht le daoine áirithe eiscthe amháin (féach ar leathanach 7).

In éineacht leis na coinníollacha thuas, ní foláir duit na trí choinníoll seo a leanas a chomhlíonadh **chomh maith**.

1. Ní mór duit a bheith i do chónaí go buan sa stát. Go ginearálta, níl na liúntais ar fáil má tá tú i do chónaí i dTeach Altranais nó Scoir, más rud é nach bhfuil an chóiríocht féin chuimsitheach go hiomlán.
2. Ní mór duit a bheith ar an aon duine i do theaghlach a fhaigheann na liúntais.
3. Caithfidh gur tusa an tomhaltóir cláraithe leictreachais nó gáis má tá iarratas á dhéanamh agat ar Liúntas Leictreachais nó Gáis Nádúrtha.

Íocaíochtaí cáilitheacha má tá tú idir 66 agus 70 bliain d'aois

- Pinsean Stáit (Ranníocach)
- Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach)
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)
- Sochar Banchéile Thréigthe
- **Gnáthpinsean** Baintreach Garda ón Roinn Cirt agus Comhionannais (seol doiciméid ar aghaidh, le do thoil)
- Pinsean nó sochar coibhéiseach Leasa Shóisialaigh ó thír a chuimsítear faoi Rialacháin an CE, nó ó thír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Leasa Shóisialaigh ag Éirinn léi (féach Aguisín 2, leathanach 17) (seol doiciméid ar aghaidh, le do thoil).

Íocaíochtaí cáilitheacha do dhaoine atá faoi bhun 66 bliain d'aois

- Pinsean Easláine
- Pinsean na nDall
- Forlíonadh Éagumais nó Cúiteamh Oibrithe in éineacht le Pinsean Míthreorach (ar feadh 12 mhí ar a laghad)
- Liúntas Míchumais
- Pinsean nó sochar coibhéiseach Leasa Shóisialaigh ó thír atá cuimsithe faoi Rialacháin an CE, nó ó thír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Leasa Shóisialaigh ag Éirinn léi (féach Aguisín 2, leathanach 17) ar feadh 12 mhí ar a laghad (seol doiciméid ar aghaidh, le do thoil).

Liosta na ndaoine eisceithe:

I gcásanna áirithe (féach ar leathanach 5), tá cead agat a bheith in aontíos leis na daoine seo a leanas agus a bheith cáilithe go fóill:

- duine fásta cáilithe.
Is duine fásta cáilithe é/í do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir, má tá méadú á fháil agat ina leith mar chuid de d'íocaíocht leasa shóisialaigh, **nó** go bhfaighfeá méadú i leith duine fhásta cháilithe dó/di i d'íocaíocht, murach go bhfuil íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil aige/aici ina c(h)eart féin.

Tabhair do d'aire

Más rud é go bhfuil níos lú ná €310 in aghaidh na seachtaine á thuilleamh ag do chéile, do pháirtneir nó do chomhchónaitheoir óna c(h)uid oibre, d'fhéadfaí go bhfuil tú i dteideal méadú a fháil ar do phríomhíocaíocht leasa shóisialaigh ina leith. Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar www.welfare.ie.

- leanbh/leanaí cleithiúnach(a) faoi bhun 18 mbliana d'aois nó suas go dtí 22 bliain d'aois má tá siad ag gabháil d'oideachas lánaimseartha (ní mór duit teastas a sholáthar ón scoil nó ón gcoláiste le haghaidh leanbh ar bith atá 18 mbliana d'aois nó níos sine)
- duine a bhfuil éagumas chomh mór sin air/uirthi go bhfuil síorchúram agus síorfhreastal ag teastáil uaidh/uaithi ar feadh 12 mhí ar a laghad (seans go mbeidh ort teastas dochtúra a chur ar fáil)
- duine a cháileodh le haghaidh na liúntas ina c(h)eart féin (mar shampla, duine ag fáil Pinsean Stáit)
- duine atá ag cur cúram agus aire leanúnach ar fáil duitse, nó do dhuine eile i do theaghlach, má tá tú féin nó duine eile sa teaghlach chomh mór sin faoi éagumas go bhfuil cúram agus aire leanúnach de dhíth ort nó air/uirthi ar feadh 12 mhí ar a laghad (seans go mbeidh ort teastais leighis a chur ar fáil). Má tá an duine á f(h)ostú ar feadh níos mó ná 15 huair sa tseachtain nó má tá Sochar nó Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil aige/aici, ní féidir glacadh leis/léi mar dhuine atá ag soláthar cúram agus aire lánaimseartha leanúnach.

3. An bhfuil coinníollacha speisialta i gceist más baintreach (fir) nó páirtneír sibhialta marthanach mé idir 60 agus 65 bliain d'aois?

Más baintreach (fir) nó páirtneír sibhialta marthanach thú atá idir 60 agus 65 bliain d'aois (na blianta sin san áireamh), agus má bhí aon liúntas Sochair Teaghlaigh á fháil ag do chéile nó do pháirtneír sibhialta nach maireann ón Roinn seo, agus má bhí sibh in aontíos go buan nuair a fuair sé/sí bás, tá cead agat iarratas a dhéanamh anois ar na liúntais sa Phacáiste Sochair Teaghlaigh.

Ní foláir duit ceann de na híocaíochtaí seo a leanas a fháil agus na coinníollacha cáilitheacha ar leathanach 5 a chomhlíonadh:

- Pinsean Stáit (Eatramhach) (ní féidir le hiarratasóirí nua an íocaíocht seo a fháil ó 1 Eanáir 2014)
- Pinsean (Ranníocach agus Neamh-ranníocach) Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Sibhialta Mharthanaigh
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora (Baintreach, Baintreach Fir nó Páirtneír Sibhialta Marthanach)
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Sibhialta Mharthanaigh faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde

nó

- Pinsean nó sochar coibhéiseach leasa shóisialaigh ó thír atá cuimsithe faoi Rialacháin an CE nó ó thír lena bhfuil Comhaontú Déthaobhach Leasa Shóisialaigh ag Éirinn

nó

- **Gnáthphínsean** Baintreach Garda ón Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais.

ón Roinn
Coimirce
Sóisialaí

4. An bhfuil coinníollacha speisialta i gceist má tá Pinsean Easláine, Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall á fháil agam?

Má tá Pinsean Easláine, Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall á fháil agat agus má tá ceann ar bith de na liúntais atá sa Phacáiste Sochair Teaghlaigh á fháil agat, is féidir leat an liúntas/na liúntais a choinneáil má aistríonn tú chuig íocaíochtaí áirithe eile ón Roinn seo. **Níl cead agat** an liúntas/na liúntais a choinneáil má aistríonn tú chuig Sochar nó Liúntas Cuardaitheora Poist, Sochar Breoiteachta, Liúntas Réamhscoir, Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora nó Sochar Cúramóra.

5. Conas a íoctar na liúntais agus céard a chuimsítear leo?

Liúntas Leictreachais

An chaoi a n-íoctar é

Má cháilíonn tú le haghaidh Liúntas Leictreachais, íocfar é mar chreidmheas ar do bhille leictreachais nó ar an gcéad Mháirt i ngach aon mhí le cuntas in institiúid airgeadais ainmnithe nó in oifig phoist ainmnithe, agus é faoi réir do sholáthraí.

Tabhair do d'aire

Má bhíonn tú á íoc trí oifig phoist le cárta seirbhísí sóisialacha, tá 91 lá agat (13 seachtaine) chun d'íocaíocht a bhailiú.

Má tá cárta seirbhísí sóisialacha uait, déan teagmháil le Rannóg na Sochar Teaghlaigh, le do thoil, trí Íoslghlao 1890 500 000.

An méid a chuimsíonn sé

Is creidmheas airgid thirim €35 in aghaidh na míosa é an Liúntas Leictreachais.

Níl cead agat an liúntas a fháil ach sa chás go bhfuil an cuntas leictreachais cláraithe i d'ainm féin. Mura bhfuil d'ainm ar an mbille, ba chóir duit iarraidh ar an soláthraí leictreachais d'ainm a chur san áireamh ar an mbille.

Má tá cónaí ort in árasán nó i gcóiríocht cosúil leis agus mura bhfuil cuntas leictreachais cláraithe agat i d'ainm féin, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le do sholáthraí chun go gcuirfear d'ainm san áireamh ar an mbille i dteannta shealbhóir cláraithe an chuntais.

Beidh ort íocaíocht a dhéanamh le do sholáthraí ar an ngnáthshlí as leictreachas ar bith a úsáideann tú de bhreis ar an méid atá cuimsithe ag an liúntas.

Liúntas Gáis Nádúrtha

An chaoi a n-íoctar é

Má cháilíonn tú le haghaidh Liúntas Gáis Nádúrtha, íocfar é mar chreidmheas ar do bhille gáis, nó ar an gcéad Mháirt i ngach aon mhí, le cuntas in institiúid airgeadais ainmnithe nó in oifig phoist ainmnithe, agus é de réir do sholáthraí.

An méid a chuimsíonn sé

Is creidmheas airgid thirim €35 in aghaidh na míosa é an Liúntas Gáis.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Nótaí

- 1) Ní ceadmhach an Liúntas Gáis Nádúrtha a íoc le níos mó ná aon seoladh amháin ná ag an am céanna leis an Liúntas Leictreachais.**
- 2) Ní chuimsíonn an Liúntas Gáis Nádúrtha costas suiteála soláthair an gháis nádúrtha i d'áit chónaithe.**
- 3) Tá cead agat an liúntas a fháil san aon chás go bhfuil d'ainm féin ar an gcuntas gáis. Mura bhfuil d'ainm luaite ar an mbille, ba chóir duit iarraidh ar do sholáthraí gáis d'ainm a chur san áireamh ar an mbille.**

Liúntas Leictreachais Airgid Thirim

D'fhéadfá cáiliú le haghaidh Liúntas Leictreachais Airgid Thirim má tá cónaí ort i gcóiríocht fhéin chuimsitheach (árasán) agus:

má tá do mhéadar sliotáin leictreachais féin agat,

nó

má tá roinnt méadar ar leith ag oibriú ó mhéadar amháin agus gur tiarna talún é an tomhaltóir cláraithe leictreachais ag do sheoladh,

nó

mura bhfuil méadair ar leith ann, ach gur tiarna talún é an tomhaltóir cláraithe gáis nó leictreachais ag do sheoladh.

Tabhair do d'aire

Ní ceadmhach an Liúntas Leictreachais Airgid Thirim a íoc le breis is seoladh amháin (ná ní ceadmhach é a íoc ag an am céanna leis an Liúntas Gáis nó Leictreachais).

An chaoi a n-íoctar é

Íoctar an liúntas míosúil €35 ar an gcéad Mháirt de gach mí isteach i gcuntas in institiúid airgeadais nó oifig phoist ainmnithe. Ní mór duit sonraí i dtaobh an mhodha íocaíochta is fearr leat a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais.

Tabhair do d'aire

Má bhíonn tú á íoc trí oifig phoist le cárta seirbhísí sóisialacha, tá 91 lá agat (13 seachtaine) chun d'íocaíocht a bhailiú.

Má tá cárta seirbhísí sóisialacha uait, déan teagmháil le Rannóg na Sochar Teaghlaigh, le do thoil, trí Íosghlao 1890 500 000.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Liúntas Gáis Airgid Thirim

An rud atá ann

Mura bhfuil d'áit chónaithe ceangailte de sholáthar gáis nádúrtha, ach má chomhlíonann tú coinníollacha na scéime ar gach bealach eile, d'fhéadfá cáiliú le haghaidh Liúntas Gáis Airgid Thirim. Anuas air sin, má úsáideann tú soláthraí eile seachas Bord Gáis nó Flogas chun gás nádúrtha a fháil, d'fhéadfá a bheith cáilithe chomh maith le haghaidh liúntas gáis airgid thirim.

An chaoi a n-íoctar é

Íoctar an liúntas míosúil €35 ar an gcéad Mháirt de gach mí isteach i gcuntas in institiúid airgeadais nó oifig phoist ainmnithe. Ní mór duit sonraí i dtaobh an mhodha íocaíochta is fearr leat a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

6. Conas a fhaightear Ceadúnas Teilifíse Saor In Aisce?

Má cháilíonn tú le haghaidh Pacáiste Sochair Teaghlaigh, gheobhaidh tú Ceadúnas Teilifíse Saor In Aisce ón **gcéad dáta athnuachana eile** le haghaidh do cheadúnas teilifíse reatha ar aghaidh. Beidh an ceadúnas bailí fad is atá an Pacáiste Sochair Teaghlaigh á fháil agat. Cuirfimid litir chugat le cur in iúl duit go bhfuil an Liúntas Leictreachais nó Gáis, agus an Ceadúnas Teilifíse Saor In Aisce deonaithe duit.

7. Conas a dhéantar iarratas?

Comhlánaigh foirm iarratais **HB 1** le billí bainteacha agus seol ar ais í chuig:

Rannóg na Sochar Teaghlaigh

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

SAORPHOST

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Guthán: (071) 91 57100

Íosghlao: 1890 500 000

Má tá tú ag glaoch orainn ó áit taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 71 9157100, le do thoil

Más ar bhonn tástáil acmhainne atá tú ag déanamh iarratais ar Phacáiste Sochair Teaghlaigh, cuirfimid ceistneoir ar leith i gcomhair na tástála acmhainne chugat, rud is gá duit a chomhlánú.

Tabhair do d'aire

D'fhéadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

8. Cad a tharlóidh má athraím mo sheoladh tar éis do na liúntais a bheith deonaithe dom?

Má athraíonn tú do sheoladh, cuirfear deireadh le do liúntais. Ní mór duit iarratas nua a chur isteach ar an bPacáiste Sochair Teaghlaigh ag do sheoladh nua.

9. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Má tá tuilleadh eolais uait ar an bPacáiste Sochair Teaghlaigh, déan teagmháil leis an **Rannóg Sochair Teaghlaigh** ag an seoladh ar leathanach 13,

nó

úsáid an fhoirm fiosrúcháin ar líne ag **www.welfare.ie**.

Má theastaíonn uait leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil faoi sheirbhísí leasa shóisialaigh:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Líne Eolais Íosghlao ag **1890 66 22 44** nó má tá tú ag glaoch ó áit taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann, cuir glao ar **+353 71 91 93313**, le do thoil.
- Buail isteach chuig d'Ionad áitiúil de chuid Intreo, Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Tabhair do d'aire

D'fhéadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Aguisín 1

Tástáil acmhainne

Má tá tú **idir 66 agus 70 bliain d'aois** agus **mura bhfaigheann** tú íocaíocht cháilitheach, caithfidh tú tástáil acmhainne a chomhlíonadh ar mhaithe le cáiliú le haghaidh an Phacáiste Sochair Teaghlaigh (Féach ar leathanaigh 6 agus 7 chun eolas a fháil ar íocaíochtaí cáilitheacha).

Céim 1

Ríomhaimid an teorainn chúil le **d'acmhainn sheachtainiúil**.

Bunaítear é seo ar uasráta reatha an Phinsin Stáit (Ranníocach) a bheadh i gceist i do chás féin. Mar shampla, más duine singil, duine pósta nó duine i bpáirtnéireacht shibhialta thú nó duine in aontíos le duine eile, má tá leanaí cleithiúnacha agat nó má tá tú i do chónaí i d'aonar.

Ríomhaimid teorainn na hacmhainne seachtainiúla trí na nithe seo a leanas a shuimiú:

1. uasráta an Phinsin (Ranníocaigh) Stáit
 2. móide €100.00 agus
 3. aon liúntas breise de réir mar is cuí, do dhuine fásta cáilithe, leanbh/leanaí cleithiúnacha, Méadú do Mhaireachtáil Aonair.
- Is é iomlán na méideanna seo ná an teorainn le d'acmhainn sheachtainiúil iomlán.

Céim 2

Ríomhaimid d'acmhainn sheachtainiúil trí d'ioncam agus d'acmhainn ó choigilteas agus infheistíochtaí a shuimiú. Cuirtear é seo i gcomparáid leis an teorainn acmhainne seachtainiúla atá i gceist.

Más rud é go bhfuil d'acmhainn sheachtainiúil **níos lú nó cothrom le** do theorainn acmhainne seachtainiúla, tá an tástáil acmhainne comhlíonta agat.

Seo mar a dhéanaimid measúnú ar do chuid caipitil choigilte agus ar do chuid infheistíochtaí

Nuair a bhíonn d'acmhainn á ríomh ó infheistíochtaí agus airgead i dtaisce, suimimid le chéile na míreanna seo a leanas agus úsáidimid foirmle chun d'acmhainn a ríomh:

- luach na n-infheistíochtaí agus an tsealúchais in airgead tirim (seachas do theach féin),
- airgead i gcuntas coigiltis ar bith, nó in aon chineál de chuntais bhainc, agus
- airgead ar láimh.

Caipiteal:	An acmhainn sheachtainiúil a bhíonn measúnaithe:
An chéad €20,000	Nialas
€20,000 - €30,000	€1 in aghaidh €1,000
€30,000 - €40,000	€2 in aghaidh €1,000
Breis is €40,000	€4 in aghaidh €1,000

Sampla: Is duine singil thú atá 66 bliain d'aois agus tá tú i do chónaí i d'aonar. Tá ioncam €220 in aghaidh na seachtaine agat ó phinsean ceirde agus tá coigilteas ar luach €25,000 agat.

Céim 1 - D'acmhainn sheachtainiúil a ríomh

Ráta an Phinsin Stáit (Ranníocaigh) €230.30
(faoi bhun 80 bliain d'aois - ráta uasta reatha)

móide €100.00

móide Méadú do Mhaireachtáil Aonair €7.70

Teorainn chúil acmhainne seachtainiúla **€338.00**

Céim 2 - Do chuid acmhainne a chur i gcomparáid leis an teorainn

Sa sampla seo, ní fhéachaimid ar an gcéad €20,000 de choigilteas mar acmhainn. Measaimid an chéad €10,000 eile ar ráta €1 in aghaidh an €1000. Ciallaíonn sé seo go ndéantar acmhainn €5 in aghaidh na seachtaine a mheas in aghaidh coigilteas €25,000.

Mar sin, is é méid iomlán na hacmhainne a measúnaíodh ná €220 (pinsean ceirde) móide €5 (coigilteas), rud a thugann iomlán €225.

Teorainn acmhainne seachtainiúla €338.00

Acmhainn sheachtainiúil a measúnaíodh €225.00

Ós rud é go bhfuil d'acmhainn faoi bhun na teorann €338.00 atá le d'acmhainn sheachtainiúil, comhlíonann tú an tástáil acmhainne.

Aguisín 2

Is iad na tíortha atá cuimsithe faoi Rialacháin an CE nó faoi Chomhaontú Déthaobhach ná:

- An Astráil
- An Ostair
- An Bheilg
- Oileán Mhanann
- Ceanada
- Oileáin Mhuir nloch
- An Chróit
- Poblacht na Seice
- An Danmhairg
- An Eastóin
- An Fhionlainn
- An Fhrainc
- An Ghearmáin
- Stáit Aontaithe
- An Ungáir
- An Íoslainn
- Éire (Deisceart na Cipire)
- An Iodáil
- An tSeapáin
- An Laitvia
- Lichtinstéin
- An Liotuáin
- Lucsamburg
- Málta
- An Nua-Shéalainn
- An Iorua
- An Ghréig
- An Phortaingéil
- Poblacht na Cipire
- An Bhulgáir
- Poblacht Chóiré
- An Rómáin
- An tSlóvaic
- An tSlóivéin
- An Spáinn
- An tSualainn
- An Eilvéis
- An Ísiltír
- An Ríocht Aontaithe
- An Pholainn
- Mheiriceá

Faisnéis do Shaoránaigh

Is comhlacht reachtúil é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a thacaíonn le soláthar eolais, comhairle, agus abhcóideachta don phobal ar réimse leathan na seirbhísí sóisialacha agus sibhialta. Cuireann sé suíomh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

Íosghlao 1890 777 121 (Luan-Aoine 9rn-9in)

Ionaid Áitiúla (féach na Leathanaigh Órga)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 ionad ar fud na tíre. Tá sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh is gaire duit liostaithe sna Leathanaigh Órga.